

Cúpla - Achoimre:

Is cúpla iad Éilí agus Sharon. Feicimid difir ollmhór idir na cailíní. Timmy agus Mairéad is ainm dá dtuismitheoirí. Ba thraenálaí é an t-athair leis an fhoireann iománaíochta. Ag tús an úrscéil, tá Éilí buartha faoi Sharon mar bíonn sí i dtríoblóid ar scoil agus sa bhaile. Tá suim aici i mbuachaillí agus i smidiú. Éiríonn go breá le hÉilí ar scoil - is cailín iontach staidéarach í.

Bíonn Sharon ag fanacht siar ar scoil mar bíonn sí ag amaidí agus i dtríoblóid. Brúann sí cailín amach an fhuinneog ar scoil. Faigheann sí síob abhaile ó bhuachaillí agus insíonn sí bréaga dá tuismitheoirí. Thaitin an dáinséar léi. Tá sí drochbhéasach agus tagann sí abhaile ar meisce uaireanta.

Tá na cailíní cúig bliana déag d'aois agus tá siad ag déanamh an Teastais Shóisearaigh. Tá teannas sa bhaile. Tá teannas idir na tuismitheoirí agus tá teannas idir na cailíní. Is léir go bhfuil cúrsaí go dona. Is duine uaigneach í Éilí. Tuigimid í mar úsáidtear an chaint idir Éilí agus an capall sa scéal. Feiceann Sharon a Daid / a hathair ag pógadh bean eile ar chúl na scoile.

Úsáideann sí an rún seo chun é a chur faoi dhúmhal. Is cuma léi mar níl mórán féinmheas aici.

Seachtain amháin, d'fhan na tuismitheoirí in óstán agus na cailíní sa Ghaeltacht. Réitigh siad go maith lena chéile, ach scar siad nuair a d'inis Timmy do Mhairéad faoin bhean eile. Sa Ghaeltacht, caitheann Sharon hash agus tá Éilí buartha faoina deirfiúr. Tá sé deacair di déileáil leis an rún. Oíche amháin, bhí céilí ar siúl sa choláiste agus thosaigh siad ag troid. Bhí Sharon ag tógáil drugaí mar ba mhian léi éalú. Cuireadh amach as an choláiste í agus fuair sí síob abhaile le buachaill dár bh ainm Mícheál.

Thóg siad drugaí sa charr agus lig sé do Sharon tiomáint. Go tobann, bhí timpiste bóthair uafásach ann. Chaill sí smacht ar an charr. Seo buaicphointe an scéil. Nuair a dhúisigh Sharon san ospidéal, bhí sí i gcathaoir rotha. Tháinig a máthair go dtí an t-ospidéal agus tá a cos chlé bainte. Ar an bhealach abhaile ón ospidéal, stop siad ag reilg. Chonaic Sharon dhá leac uaigne - Bhí ainm a Daid scríofa ar cheann amháin agus bhí ainm Mícheáil ar an cheann eile. Is críoch thobann é agus chuir sé brón an domhain orm.